# Ceardlann 4: An Chóirthrádáil (Fairtrade)’

**Acmhainní atá de dhíth:**

- cur i láthair 4 (ar fáil chun íoslódáil ar shuíomh TFS)
- físeán: 'My Fairtrade Adventure (aois 7 to 11)'

https://schools.fairtrade.org.uk/teaching-resources/adventure/
Le buíochas leis an Fairtrade Foundation as an chaoinchead chun a n-acmhainní a úsáid. Tá cuid mhaith eile acmhainní den chéad scoth ar fáil anseo: https://schools.fairtrade.org.uk/

- cluiche tae - íoslódáil 'Plean Ceachta agus Acmhainní' ceardlann a ceathair ón tsuíomh TFS

**Achoimre**
An bhfuil comhairle ar bith agat le bruscar a laghdú? An cuimhin libh na hábhair gur labhair muid fúthu? Cad as a dhéantar gloine? Gaineamh. Cad as a dhéantar plaisteach? Ola

**Cá as a dtagann ár gcuid bia?**
Inniu beidh muid ag caint faoi bhia. Lámha suas más féidir leat insint dom cá as a dtagann bananaí? Meiriceá Theas, an Afraic, an India, réigiún Mhuir Chairib. Haváí agus Florida fosta ach tá na barra chomh beag sin go bhfuil na Stáit ag braith ar bhananaí iompórtáilte.

Cad faoi thae?
an tSín, an India, Srí Lanca, Vítneam

Píseanna talún?
an tSín, an India, na Stáit Aontaithe, ach fásann siad fosta in áiteanna trópaiceacha eile nó fothrópaiceacha i dtíortha san Áise, san Aifric agus i Meiriceá Theas

Siúcra
an Bhrasaíl, An Ind, an tSín, agus tíortha eile san Áise agus Meiriceá Theas fosta. Is féidir leat siúcra cána a fháil san Astráil agus sna Stáit Aontaithe fosta.

Cad faoi sheacláid? Cá as a dtagann sé? Nó an chéad cheist - cad as a bhfuil sé déanta? Pónairí chócó.
an Afraic (Gána, an Cósta Eabhair, an Nigéir) agus an Meiriceá Theas (an Bhrasaíl, Eacuadór, Meicsiceo, Peiriú), an Indinéis

Cad faoi arán?
Éire

Oráistí?
an Bhrasaíl, an tSín, na Stáit Aontaithe, ach thig linn ola a shábháil má cheannaíonn muid ón Spáinn nó ón Iodáil iad

Bainne
Éire

**Cá háit a bhfaca tú an lógó seo?**
(Cuir suas an pictiúr ar a bhfuil na hearraí Fairtrade - sleamhnán a ceathair.)

# Ceardlann 4: An Chóirthrádáil (Fairtrade)’

**Físeán Fairtrade**
Anois beidh muid ag amharc ar fhíseán Fairtrade.
Lámha suas. Cad as a bhfuil seacláid déanta? Pónairí cócó. Éistigí go cúramach.

1. Cá háit a dtéann Tanya?

(Stop an físeán 4.38. Abair leis na páistí éisteacht leis an fhreagra ar uimhir a dó.)
2. Más fíor é go bhfuil an luach seo leis an chóco, cad chuige a bhfuil na daoine atá a dhéanamh beo bocht?

(Stop an físeán 5.41. Abair leis na páistí éisteacht leis an fhreagra ar uimhir a trí.)
3. Cén dóigh a gcuidíonn Fairtrade leis na feirmeoirí?

Nuair a bheas an fhíseán thart, cuir na ceisteanna eile (thíos) ar na páistí.
Cé acu is cumhachtaí, feirmeoirí ná na comhlachtaí seacláide? *Na comhlachtaí.*
Má tá na feirmeoirí páirteach i Fairtrade an bhfuil siad cinnte go bhfaighidh siad praghas bunúsach?
Thig leo plean a dhéanamh don todhchaí.
Cad air a dtiocfadh leo a gcuid airgid a chaitheamh ionas go mbeadh saol níos fearr acu?
Bhí siad ag caint san fhíseán faoi Fairtrade Premium. Sin airgead don phobal. Cad a dtiocfadh leo a cheannach leis an airgead leis an phobal a fheabhsú? *Uisce, leictreachas, scoileanna, bóithre.*

**Cluiche Tae**
(Bain úsáid as an leathanach ‘Cluiche Tae’ leis an gníomhaíocht a mhíniú.)
Gheobhaidh gach grúpa leathanach. Caithfidh sibh fáil amach i dtús báire cá mhéad airgead atá agaibh. Ansin, caithfidh sibh na rudaí a bheadh ort a cheannach duit féin agus don teaghlach a phiocadh. Ní bheidh sibh ábalta gach rud a cheannach. Oibrígí le chéile le socrú.
(Tabhair leathanach Fairtrade de leathchuid de na páistí agus leathanach nach Fairtrade é don chuid eile. Siúil thart le cuidiú a thabhairt do na grúpaí.)
Cá mhéad airgead ar shaothraigh tú? *Oibrí Tae - $75; Oibrí Tae Fairtrade - $100*
Cad é a shocraigh sibh ar a cheannach? Éist le cúpla freagra. An bhfuair sibh rud ar bith saor in aisce? Fairtrade - *ola, leabhair agus peann luaidhe*.
Cad chuige arbh fhearr dúinn earraí Fairtrade a cheannach? Cad chuige an bhfuil sé níos fearr don fheirmeoir?

# Cluiche Tae

Is oibrí tae **Fairtrade** thú a bhfuil 25 kg le díol agat. Tugann Fairtrade $4 an kg duit. Cé mhéad airgead a bheas agat?

Níl airgead ar bith eile ag teacht chugat an mhí seo agus caithfidh tú smaointiú ar na rudaí a bheas de dhíth ort an mhí seo. Shaothraigh tú $___ agus caithfidh tú an t-airgead seo a chaitheamh ar rudaí as an liosta seo. Ar an drochuair níl go leor airgid agat le gach rud a cheannach. Cad iad na rudaí a phiocfá?

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Bia bunúsach don teaghlach ar feadh míosa | $30 |
| 2 | Ola le cócaireacht a dhéanamh agus an teach a théamh<br>*Ní gá d'oibrithe Fairtrade íoc as seo, nó tugtar dóibh é. | $10 |
| 3 | Ticéid bhus le dul go dtí an sráidbhaile is congaraí<br>*Caithfidh sibh dul ann le rudaí a cheannach ach thig libh 4 míle a shiúl más fearr leat. | $4 |
| 4 | Leabhair agus pinn a fháil do na páistí agus iad ag dul ar scoil<br>*Faigheann oibrithe Fairtrade seo saor in aisce. | $4 |
| 5 | Leigheas | $15 |
| 6 | Turas lae agus picnic cois abhainn ar lá saoire | $12 |
| 7 | Cóisir fíordheas le brioscaí agus barraí séacláidí | $10 |
| 8 | Bróga agus éadaí don teaghlach | $14 |
| 9 | Síolta le garraí glasraí a chur | $10 |
| 10 | Ticéid bhus ar feadh míosa le dul chun na scoile nó thig leat 5 míle a shiúl | $5 |
| 11 | Rothar | $30 |
| 12 | 2 sicín (agus bia fána gcoinne ar feadh míosa) | $12 |

# Cluiche Tae

Is oibrí tae thú **nach bhfuil ag obair le Fairtrade** agus tá 25kg tae le díol agat. Tugann an comhlacht $3 an kg duit. Cé mhéad a fhaigheann tú?

Níl airgead ar bith eile ag teacht chugat an mhí seo agus caithfidh tú smaointiú ar na rudaí a bheas de dhíth ort an mhí seo. Shaothraigh tú $___ agus caithfidh tú an t-airgead seo a chaitheamh ar rudaí as an liosta seo. Ar an drochuair níl go leor airgid agat le gach rud a cheannach. Cad iad na rudaí a phiocfá?

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Bia bunúsach don teaghlach ar feadh míosa | $30 |
| 2 | Ola le cócaireacht a dhéanamh agus an teach a théamh<br>*Ní gá d'oibrithe Fairtrade íoc as seo, nó tugtar dóibh é. | $10 |
| 3 | Ticéid bhus le dul go dtí an sráidbhaile is congaraí<br>*Caithfidh sibh dul ann le rudaí a cheannach ach thig libh 4 míle a shiúl más fearr leat. | $4 |
| 4 | Leabhair agus pinn a fháil do na páistí agus iad ag dul ar scoil<br>*Faigheann oibrithe Fairtrade seo saor in aisce. | $4 |
| 5 | Leigheas | $15 |
| 6 | Turas lae agus picnic cois abhainn ar lá saoire | $12 |
| 7 | Cóisir fíordheas le brioscaí agus barraí séacláidí | $10 |
| 8 | Bróga agus éadaí don teaghlach | $14 |
| 9 | Síolta le garraí glasraí a chur | $10 |
| 10 | Ticéid bhus ar feadh míosa le dul chun na scoile nó thig leat 5 míle a shiúl | $5 |
| 11 | Rothar | $30 |
| 12 | 2 sicín (agus bia fána gcoinne ar feadh míosa) | $12 |